Taobh Tíre
Tuairisc 7
Nollaig 2004 – Márta 2005

Cúlra

Is é atá i dTaobh Tíre – seirbhís leabharlainne níos fearr do cheantracha tuaithe ná treoirthionscadal atá á reáchtáil ag Comhairle Contae Dhún na nGall i gcomhpháirt struchtúrtha le gníomhaireachtaí agus coistí pobail eile. Is é atá i gceist leis an tionscadal ná modhanna nuachruthaitheacha i seachadadh seirbhísí leabharlainne i measc pobal tuaithe a fhiosrú agus a chur i bhfeidhm. Is é a bhí idir lámha againn i gCéim 1 den tionscadal ná taighde, comhairliúchán poiblí agus samplaí dea-chleachtais a chur i bhfeidhm. (Féach tuairiscí roimhe seo fá choinne tuilleadh eolais). Tá an tionscadal dulta chun cinn go dtí Céim II anois.

Athrú Foirne

Tháinig Donna Quinn i gcomharbacht ar Eileen Burgess mar Chomhordaitheoir Tionscadail nuair a ceapadh Eileen mar Leabharlannaí Contae & Bainisteoir Rannóige i mí na Nollag 2004.

Céim II

Faoi Chéim II, ligfear do na samplaí lánfhabhraíocht a bhaint amach trí ligint dóibh reáchtáil leo go ceann 12 mhí druidte. Beidh torthaí níos réadúla ar fáil dá bharr seo. Fuarthas maoiniú fá choinne Chéim II ón Chomhairle Leabharlanna, ó Chiste na Sochaí Faisnéise agus ó Chomhairle Chontae Dhún na nGall. Beidh forbairt léitheoirí ina gné thábhachtach de Chéim II. Déanfar cláracha a bheas in oiriúint do sprioc-cheantracha áirithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, ag cruthú nós na léitheoireachta in áiteanna nach bhfuil amhlaidh iontu cheana féin. Lena chois sin, thar thréimhse Céim II, déanfar an tseirbhís idirlín "Fiafraigh den Leabharlannaí" a fhorbairt agus a chothú, ionas go mbeidh baill de chuid Taobh Tíre, is cuma cá hait a bhfuil siad ann, ceist a chur ar an tSeirbhís Leabharlainne díreach mar a d'fhéadfadh siad a dhéanamh dá mbeadh siad istigh sa leabharlann. Ceannófar cineálacha éagsúla bunachar sonraí idirlín chomh maith, agus úsáidfear iad trí shuíomh idirlín na leabharlainne. I rith na tréimhse seo fosta beifear in ann inmharthanacht gach sampla a thaiscéaladh go hiomlán, eolas ríthábhachtach don choiste taighde, d'údaráis eile leabharlainne, agus do sholáthraithe seirbhíse eile i gceantracha tuaithe. Reáchtáiltear an chuid is mó de na samplaí i gcomhar le gníomhaireachtaí eile agus le coistí pobail. Tá géarghá lena dtacaíocht leanúnach leis an tseirbhís a leathnú nó a phríomhshruthú.

An Tionscadal a Leathnú

Déanfaidh Taobh Tíre a chuid seirbhísí a leathnú go dtí roinnt suíomh úr. Beidh ceantracha uirbeacha san áireamh sa leathnú. I ndiaidh roinnt scrúdaithe a dhéanamh, roghnaíodh dhá shuíomh uirbeacha: Tionscadal Óige Ghleann na Coille agus Tionscadal Forbartha Pobail Leitir Ceanainn. Tá an dá ghrúpa suite i gceantracha imeallacha i Leitir Ceanainn, agus tá ráta ard dífhostaíochta iontu. De réir iniúchadh pobail a rinne an Tionscadal Forbartha Pobail tháinig sé chun solais gurb iad na deacrachtaí is mó a bhí ag dó na geirbe ag an phobal ná an costas a bhí ar úsáid na n-áiseanna sóisialta agus fóillíochta, agus an easpa modhanna iompair. Cuireadh béim ar cheist na páirceála chomh maith. Bhí tuairim ag roinnt daoine go raibh cuid mhór áiseanna easnamhach de dheasca ganntanais, agus de bharr na ndeacrachtaí a bhí ag daoine teacht orthu mar gheall ar easpa iompair phoiblí ach go háirithe. Tá córas idirlín leathanbhanda sa dá ionad. Mar sin de, ba chóir nach mbeadh deacracht ar bith an córas a shuiteáladh. Tá sé i gceist go mbunófar agus go seolfar an dá ionad san Fhómhar. Déanfar taighde ar thuilleadh ceantracha tuaithe ina bhféadfaí suímh úra Taobh Tíre a lonnú iontu.

Téacsáil

Cuireadh béim ar chomh tábhachtach agus a bhí teachtaireachtaí téacs mar mhodh cumarsáide i measc déagóirí in Oirthear Dhún na nGall. Ordaíodh bogearra SMS ón Chomhlacht TE a sholáthraigh an Córas Bainistithe Leabharlainne i gContae Dhún na nGall. Nuair a dhéanfar é a shuiteáil, beidh an tseirbhís leabharlainne in ann déagóirí a chur ar an eolas trí théacsanna faoi ábhar atá in áirithe acu agus faoi ábhar atá thar téarma. Tá an bogearra seo á uasdátú san am i láthair agus tá muid ag fanacht ar an leagan úr. Ach idir an dá linn, tá bogearra á úsáid againn atá á thriail ag Comhairle Contae Dhún na nGall le baill foirne sa Rannóg Bóithre a chur ar an eolas faoi obair éigeandála atá le déanamh. Tugtar eolas do na déagóirí faoi ghníomhaíochtaí forbartha léitheoireachta agus faoi imeachtaí eile de chuid na leabharlainne. Bainfear níos mó úsáide as an bhogearra téacsála mar uirlis phoiblíochta.

Bailenafinne.ie

Tá obair ag leanúint ar aghaidh ar fhorbairt an tsuímh idirlín phobail i mBaile na Finne (www.bailenafinne.ie). D'iarr baill de Choiste Éigse Sheáin Bháin go gcuirfí oiliúint athnuaite i scileanna digitithe ar fáil ionas go mbeifear in ann díriú ar lánfhabhraíocht an tsuímh idirlín a bhaint amach. Tá oiliúint athnuaite eagraithe ag baill foirne na Comhairle Leabharlanna do mhí Aibreáin.

Le tuilleadh eolais a fháil féach ar
Tuairisc 1 Nollaig 2002 – Márta 2003
Tuairisc 2 Aibreán 2003 – Iúil 2003
Tuairisc 3 Lúnasa 2002 – Samhain 2003

Tuairisc 4 Nollaig 2003 – Márta 2004
Tuairisc 5 Aibreán 2004 – Iúil 2004
Tuairisc 6 Lúnasa 2004 – Samhain 2004
Nó déan teagmháil le
Donna Quinn, Comhordaitheoir Tionscadail, Leabharlann Contae Dhún na nGall,
Aonad 7, Bóthar na Sceiche, Magherennan, Leitir Ceanainn, Contae Dhún na nGall
Guthán 074 9168743
Ríomhphost dquinn@donegalcoco.ie
www,donegallibrary.ie